



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

Eolaí Cúnta

Eolas d'Iarratasóirí

Márta, 2025

1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu faoi choinne post mar Eolaí Cúnta.

Tá sé i gceist ag an Chomhairle painéal d'iarrthóirí cáilithe a chruthú don phost mar Eolaí Cúnta óna líonfaidh sí folúntais don post de réir mar a thiocfaidh na folúntais sin chun cinn.

Léiríonn tuairiscí le déanaí ó Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go bhfuil meath ar cháilíocht an uisce in Éirinn agus, ag an ráta dul chun cinn reatha, teipfidh ar Éirinn sprioc an AE agus an sprioc náisiúnta maidir le gach sruthuisce a thabhairt ar ais go stádas maith nó níos fearr faoi 2027 a bhaint amach. Is cúis shuntasach í an earnáil talmhaíochta leis an mheath seo i gcáilíocht an uisce.

Oibreoidh an tEolaí Cúnta mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach taobh istigh de Rannán Uisce & Timpeallachta Chomhairle Contae Dhún na nGall. Beidh an t-iarratasóir rathúil páirteach i gcaomhnú na timpeallachta, rud a d'fhéadfadh a áireamh: Cigireachtaí Feirme, Cáilíocht Uisce Snámha, Monatóireacht an Chreat-Treoir Uisce (WFD), Uisce Óil Príobháideach, Cáilíocht Aeir & Torainn, agus réimsí eile den timpeallacht. Éilíonn an ról seo eolas agus tuiscint ar reachtaíocht reatha na timpeallachta agus an dóigh a mbaineann sí le feidhmeanna an hÚdaráis Áitiúil.

Baineann an Leabhrán Eolais seo le painéal a bhunófar le haghaidh an phoist mar Eolaí Cúnta, ar féidir folúntais a líonadh uaidh sa tSaotharlann Lárnach le linn thréimhse an phainéil. Tá na poist ábhartha i bplean lucht saothair na Comhairle faoin Stiúrtóireacht Uisce & Comhshaoil, agus beidh siad lonnaithe sa tSaotharlann Lárnach ar Bhóthar an Iarnróid Srath an Urláir.

2. Róil, Dualgais & Freagrachtaí

- Cuidiú le cur i bhfeidhm Phlean Bliantúil na gCritéar Íosta Molta um Cigireachtaí Comhshaoil (RMCEI);
- Tabhairt faoi chigireachtaí feirme de réir mar is gá faoi na Rialacháin um Dea-Chleachtas Talmhaíochta;
- Tacú le / eagrú / soláthar imeachtaí scaipeadh eolais áitiúla d'fheirmeoirí i limistéir dobharcheantair, amhail siúlóidí feirme, cruinnithe agus scéalta chuig na meáin;
- Tuairiscí tras-chomhlíontachta a ullmhú le haghaidh tras-thuairisciú ar neamhchomhlíontacht chuig an DAFM, chomh maith le fógraí forfheidhmithe agus comhaid le haghaidh imeachtaí forfheidhmithe, ionadaíocht a dhéanamh ar son an údaráis áitiúil mar fhinné saineolach agus fianaise a sholáthar ag imeachtaí forfheidhmithe;
- An clár monatóireachta uisce snámha a bhainistiú agus measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí de réir na Rialachán um Uisce Snámha;

- Cuidiú le bainistiú na gclár monatóireachta uisce óil agus measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí uisce óil de réir na Rialachán um Uisce Óil;
- Tabhairt faoi chigireachtaí ar chórais chóireála fuíolluisce tí de réir an Phlean Cigireachta Náisiúnta;
- Tabhairt faoi monatóireacht i gcomhréir leis clár monatóireachta Creat-Threoir Uisce (WFD);
- Freagairt d'eachtraí truaillithe uisce agus dramhaíola, fiosrúcháin agus gearáin;
- Bearta a chur i gcrích le cuspóirí faoin Phlean Gníomhaíochta Uisce a bhaint amach;
- Cigireachtaí agus tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe timpeallachta d'iarraais pleanála;
- Reachtaíocht a bhaineann le Truailliú Uisce, Truailliú Aeir agus Torann a chur i bhfeidhm;
- Cuidiú le hullmhú Tuairisceán Roinne, iarraais um Shaoráil Faisnéise (FOI), iarraais faoi Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE), agus cur i láthair poiblí;
- Dul i gcomhairle le Comhairleoirí agus forais eile lena n-áirítear an Roinn, an EPA, Uisce Éireann, an HSE, Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) agus eile;
- Dualgas ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith sannta don oifigeach ó am go chéile ag an údarás áitiúil, lena n-áirítear ionadaíocht a dhéanamh d'oifigigh eile de chuid an údaráis áitiúil de réir mar is gá, agus dualgais eile a d'fhéadfadh a shannadh orthu maidir le réimse údaráis áitiúil ar bith eile.

3. Cailíochtaí & Riachtanais an Phoist

Tá sé dearbhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht go mbeidh na cailíochtaí don phost Eolaí Cúnta mar atá leagtha amach thíos:

(a) Carachtar

Beidh dea-cháil ar na hIarratasóirí.

(b) Sláinte

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

Beidh ar iarratasóirí ar éirigh leo sa phróiseas earcaíochta dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh Comhairleoir Sláinte Ceirde na Comhairle roimh cheapachán.

(c) Oideachas, Oiliúnt, Taithí, Etc

Ní mór do gach iarratasóir na cáilíochtaí agus taithí seo a leanas a bheidh acu faoin dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais chomhlánaithe:

(i) céim onóracha (Leibhéal 8 sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) san eolaíocht

(ii) ar a laghad dhá bhliain de thaithí shásúil ar obair eolaíoch; **agus**

(iii) oiliúint theicniúil agus taithí ar ardchaighdeán

(d) Scileanna Inmhianaithe

Is inmhianaithe go mbeadh eolas cuimsitheach agus tuiscint ag iarratasóirí ar na rudaí seo a leanas:

- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dea-chleachtas Talmhaíochta um Chosaint Uisce);
- An Chreat-Threoir Uisce
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977-1990;
- Cáilíocht uisce agus tionchar ar thalmhaíocht;
- Beidh buntáiste ag baint le heolas agus/nó taithí ar Eolaíocht agus Bainistíocht Dobharcheantar, chomh maith le scileanna cigireachta feirme;
- An cumas caidrimh tháirgiúla a fhorbairt agus a choinneáil le comhghleacaithe, custaiméirí agus páirtithe leasmhara;
- An cumas líonraí a fhorbairt agus tionchar rathúil a imirt ar phríomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha;
- Scileanna cumarsáide éifeachtacha idir scríofa agus labhartha, le taithí maidir le tuairiscí teicniúla a ullmhú agus seachadadh cur i láthair a dhéanamh do spriocghrúpaí éagsúla i bhformáidí difriúla;
- An cumas eolas criticiúil a aimsiú agus tabhairt faoi shaincheisteanna go loighciúil;
- An cumas tuairiscí teicniúla a ullmhú agus a chur i láthair;
- Cumas déileáil le cásanna casta agus achrannacha;
- Scileanna fiosrúcháin éifeachtacha agus an cumas freagairt do ghearáin;
- Scileanna eagrúcháin den scoth agus tiomantas chun na torthaí riachtanacha a sholáthar;
- Scileanna láidre maidir le teicneolaíocht, faisnéis agus cumarsáid;
- Tuiscint mhaith ar pholasaithe, rialacháin agus reachtaíocht timpeallachta;
- Eolas agus feachtas ar na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann le reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta, agus na himpleachtaí don eagraíocht agus don fhostaí, chomh maith lena gcur i bhfeidhm san ionad oibre;
- Ardchaighdeán taithí riaracháin agus bainistíochta.

Bheadh sé inmhianaithe go mbeadh céim (leibhéal 7/8 nó níos airde) san Eolaíocht ag iarratasóirí, agus go mbeadh an cheimic nó an micribhitheolaíocht mar chroí-ábhar acu, nó céim san Eolaíocht Talmhaíochta.

(e) Croí-Inniúlachtaí

i. Bainistíocht agus Athrú

Feasacht Pholaitiúil

- Tuiscint shoiléir ar fhírinne agus comhthéacs polaitiúil an údaráis áitiúil.

Eolas agus Taithí

- Léiríonn sé/sí an t-eolas, an tuiscint, an oiliúint agus an taithí theicniúil riachtanach don ról. Coinníonn sé/sí é/í féin suas chun dáta le forbairtí, treochtaí agus dea-chleachtais reatha ina réimse freagrachta.

- *Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san Obair*
- Cuireann sé/sí córais oibre sábháilte i bhfeidhm go hiomlán de réir an Ráitis Sábháilteachta Chorporáidigh don réimse oibre.

ii. Torthaí a Sholáthar

Réiteach Fadhbanna agus Cinnteoireacht

- Is féidir leis/léi an t-eolas criticiúil a aimsiú agus réitíonn sé/sí saincheisteanna go loighciúil; Gníomhaíonn sé/sí go deimhneach agus déanann sé/sí cinntí tráthúla, eolasacha agus éifeachtacha.

Pleanáil Oibríochtúil

- Cuireann sé/sí pleananna oibríochtúla agus forbraíonn sé/sí pleananna foirne i gcomhréir le tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí don réimse oibríochta, agus aird ar spriocanna corparáideacha, cuspóirí oibríochtúla agus na hacmhainní atá ar fáil;
- Forbraíonn sé/sí seirbhís agus cúraim do chustaiméirí ar ardchaigheán;
- Eagraíonn sé/sí cláir oibre agus cuireann sé/sí réitigh i bhfeidhm.

Bainistíocht Acmhainní agus Éifeachtúlachtaí a Bhaint Amach

- Bainistíonn sé/sí leithdháileadh, úsáid agus measúnú acmhainní lena chinntiú go n-úsáidtear iad go héifeachtach le pleananna oibríochtúla a chur i gcrích;
- Spreagann sé/sí agus cuireann sé/sí laghdú costais agus íoslaghdú dramhaíola chun cinn.

Comhlíontacht a Chinntiú

- Cloíonn sé/sí leis na dlíthe, rialacháin, polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann lena fhostaíocht agus lena d(h)ualgais.

Torthaí ar Ardchaighdeán a Sholáthar

- Cuireann sé/sí torthaí ardchaighdeáin chun cinn i soláthar seirbhísí, atá nasctha le tosaíochtaí corparáideacha, le fócas ar fheabhsú leanúnach
- Déanann sé/sí na torthaí a bhaintear amach a luacháil i gcoinne pleananna oibríochtúla, aithníonn sé/sí an fhoghlaim agus cuireann sé feabhsuithe riachtanacha i bhfeidhm.

iii. Feidhmíocht trí Dhaoine

Treorú agus Spreagadh

- Treoraíonn, spreagann agus meallann sé/sí daoine eile le ar torthaí ardchaighdeán a bhaint amach.

Bainistiú Feidhmíochta

- Déanann sé/sí daoine a chumasú agus a spreagadh daoine lena gcuid den phlean oibríochtúil a sholáthar;
- Réitíonn sé coimhlintí nuair is gá.

Cumarsáid Éifeachtach

- Scileanna cumarsáide éifeachtacha idir labhartha agus scríofa;
- Scileanna idirphearsanta maithe

iv. Éifeachtacht Phearsanta

Teacht Aniar agus Folláine Phearsanta

- Bíonn sé/sí socair agus é/í faoi bhrú agus is féidir leis/léi saincheisteanna pearsanta a scaradh ó shaincheisteanna oibre;
- Bainistíonn sé/sí a c(h)uid ama agus ualach oibre go héifeachtach;
- Aithníonn sé an tábhacht le folláine na foirne agus daoine eile, agus é/í bainistiú leibhéil struis agus cothromaíocht oibre is saoil.
- *Ionracas agus Luachanna Seirbhíse Poiblí*
- Bíonn sé/sí sé macánta agus iontaofa i ngach cuid den ghnó.

Spreagadh Pearsanta agus Treallús

- Tá sé/sí díograiseach faoin ról agus bíonn sé/sí spreagtha in ainneoin deacrachtaí agus constaicí;
- Déanann sé/sí níos mó ná an méid nó na rudaí a bhfuiltear ag súil leo, bíonn sé/sí ag súil le cásanna agus gníomhaíonn sé/sí le fadhbanna a sheachaint.

4. Mionsonraí an Phoist

(a) Ginearálta

Tá beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iartrasóirí cáilithe a chruthú faoi choinne post mar Eolaí Cúnta as a líonfaidh sé aon fholúntais a thioctadh chun cinn.

(b) Promhadh

Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse ama, a shocróidh an Chomhairle. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an tréimhse seo a shíneadh, cinneadh a bheas faoi rogha na Comhairle.

(c) Luach Saothair

Is é seo an páscála náisiúnta bliantúil reatha: íosmhéid de €45,802 (pointe 1) go dtí uasmhéid de €71,185. (LSI 2) (de réir chiorclán EL 03/2024).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail atá ag teacht le Ciorclán na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íospointe ar an scála.

(d) Bunáit

Beidh an post Eolaí Cúnta lonnaithe sa tSaotharlann Lárnach, Bóthar Iarnróid, Srath an Urláir

D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról an Eolaí Cúnta, agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí

(e) Cónaí

Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

(f) Uaireanta Oibre / Saoire Bhliantúil

35 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Beidh sé de cheart ag an Chomhairle na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

Beidh liúntas saoire bhliantúla de réir chiorclán LG(P) 07/2011.
Uasmhéid 30 lá do gach iarratasóir.

(g) Riachtanas Tiomána

Beidh ar Iarratasóirí:

- (a) Ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.
- (b) A bhfeithicil féin a bheith acu lena úsáid le linn a gcuid dualgas agus is le liúntais chuí a chlúdófar na costais bhainteacha. /

(h) Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarratasóirí incháilithe a bheith, ar an dáta is déanaí lena nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe; (a) Ina S(h)aoránach de chuid Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (EEA). Cuimsíonn an EEA na Ballstáit den Aontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó (b) Ina S(h)aoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó (c) Ina S(h)aoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó (d) Ina S(h)aoránach neamh-EEA ar céile nó leanbh de shaoránach EEA, RA nó Eilvéiseach é/í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó (e) Ina d(h)uine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoin Acht Cosanta Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó (f) Ina S(h)aoránach neamh-EEA ar tuismitheoir leanaí cleithiúnaí é/í atá ina s(h)aoránach de chuid, agus ina c(h)ónaí i mBallstát de chuid an EEA nó san RA nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

(i) Coinbhleachtaí Leasa

Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfaidh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

(j) Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Tá iarratasóirí don phost mar Eolaí Cúnta faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabhair faoi deara go gcaithfidh gach iarratasóir Nochtadh Grinnfhiosrúcháin sásúil ón Gharda Síochána a fháil roimh cheapachán, seachas sin, tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta.

Sa chás go léiríonn Nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána go bhfuil cás ar feitheamh, ní fhéadfar leanúint ar aghaidh leis an cheapachán ag an am sin agus tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta. Coinneofar an t-iarratasóir, ar an phainéal, áfach, agus beidh sé á mheas don chéad fholúntas eile, má thagann a leithéid chun cinn le linn saolré an phainéil.

5. Próiseas Earáíochta

A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach ar an t-eolas ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.
- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán r-phoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta mar atá luaite ar an fhoirm iarratais.
- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, caillte nó a bhfuil moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

B. Gearrliostú

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus ar do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

Ná glactar leis gurb ionann duine a iontráil i gcomórtas nó cuireadh chun agallaimh a chur ar an duine sin agus a thabhairt le tuiscint go mbeadh Comhairle Contae Dhún na nGall sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an phoist.

C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú - #AS 001

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Mas mian le hiarratasóir ar bith é, is feidir leo iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar aon chinneadh nó at an phróiseas féin.

Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag lua an uimhir thagartha thuas, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall laistigh de chúig lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoi chinneadh ábhartha.

D. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

E. Eile

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is cuí.

F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil

Dícháileofar iarratasóir ar an toirt ón phróiseas earcaíochta a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn cuid mhaith de na sonraí pearsanta mar atá luaite agat i d'fhoirm iarratais.

Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.

Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

Sa bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: www.donegalcoco.ie